Féile Ealaíne Thír Dhá Ghlas ainmnithe do ghradaim

Tá Féile Ealaíne Thír Dhá Glass i dTiobraid Árann i measc na n-ainmniúchán don chomórtas Pride of Place i mbliana.

D'ainmnigh Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh an fhéile, mar aon le Comhlachas Forbartha Theampaill Uachtarach-Drom Bán don chomórtas uile-Éireann.

Ainmníodh Tír Dhá Ghlas sa Chatagóir Tionscnamh Ealaíon Pobail agus Teampall Uachtarach sa Chatagóir Dhaonra de 1,000-2,000 duine.

Cuireadh tús le comórtas Pride of Place ar bhonn píolótach in 2003 agus tá sé dírithe ar aitheantas a thabhairt do na feabhsuithe atá déanta ag pobail áitiúla chun mórtas ceantair a láidriú.

Spreagann an comórtas daoine chun sult a bhaint as gach uile rud dearfach faoina n-áit dhúchais agus chun gnéithe áirithe den cheantar a fheabhsú.

Aithníonn sé rannpháirtíocht an phobail áitiúil i ngach gné d'athghiniúint tuaithe agus uirbeach lena n-áirítear, comhtháthú sóisialta, rannpháirtíocht i gcúrsaí pleanála, cur chun cinn na hoidhreachta agus feasacht timpeallachta.

In 1999 thug Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh cuireadh don phobal cur isteach ar mhaoiniú chun féile a bhunú agus thapaigh pobal Thír Dhá Ghlas an deis sin.

Bíonn an fhéile ar siúl gach Lúnasa i mbaile Tír Dhá Ghlas, atá suite ar bhruach Loch Dearg. San áireamh sa chlár bíonn damhsa, drámaíocht, ceol, filíocht, scannáin agus scéalaíocht.

Is paróiste scaipthe tuaithe de 120km cearnach é Teampall Uachtarach-Drom Bán, suite ar an taobh thoir de cheantar Sliabh Eibhlinne i dTiobraid Árann Thuaidh. Tá trí shráidbhailte sa pharóiste: Teampall Uachtarach, Drom Bán agus Cloch an Mhíle.

Bunaíodh an Comhlachas Forbartha in 1991 agus ó bunaíodh é a bhí sé páirteach i go leor tionscadal dírithe ar fheabhas a chur ar chaighdeán beatha an phobail áitiúil, le béim ar leith ar an óige agus ar sheandaoine.

I measc na dtionscadal a chuir siad i gcrích bhí tithe pobail do sheandaoine, ionad TF, scéimeanna iompair tuaithe, siúlóidí tuaithe, scéim séarachais, tograí fostaíochta agus naíolann.

Tá an dá phobal ag ullmhú faoi láthair le haghaidh chuairte ón mbeirt breitheamh a bheas ag déanamh measúnú don chomórtas, Blaise Treacy agus Cathal Logue, ar 28 Meitheamh.

Bronnfar na duaiseanna i mí na Samhna i gContae na Mí.

Cuireann breis is 90 grúpa isteach ar an gcomórtas Pride of Place gach bliain. Reáchtálann Co-operation Ireland an comórtas i gcomhar le húdaráis áitiúla ar fud na hÉireann.